AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2020
COM(2020) 185 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM- AE den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM- AE, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú

CEANGALTÁN

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. .../2020 Ó CHOISTE TRÁDÁLA AGUS FORBARTHA CARIFORUM-AE

arna bhunú le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát den pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú

TÁ COISTE TRÁDÁLA AGUS FORBARTHA CARIFORUM-AE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 230(4)(a) de,

Ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE, rialacha a bhunaigh Comhairle Chomhpháirteach CARIFORUM-AE an 17 Bealtaine 2010 trí Chinneadh Uimh. 1/2010, agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ag an gCeathrú cruinniú de Chomhairle Chomhpháirteach CARIFORUM-AE an 17 Samhain 2017 aontaíodh gurb iomchuí Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú chun dul i ngleic le cúrsaí trádála a bhaineann le seirbhísí agus chun cuspóirí fhorálacha seirbhísí an Chomhaontaithe a bhaint amach,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

1. Leis seo, déantar Coiste Speisialta um Sheirbhísí CARIFORUM-AE a bhunú chun na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 2 a dhéanamh.

2. Beidh Coiste Speisialta um Sheirbhísí CARIFORUM-AE ina fhóram inar féidir leis na páirtithe taithí, faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, dul i gcomhairle faoi shaincheisteanna a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeideal II de Chuid II den Chomhaontú agus atá ábhartha maidir leis an trádáil idir na Páirtithe.

Airteagal 2

Déanfaidh Coiste Speisialta um Sheirbhísí CARIFORUM-AE an méid seo a leanas:

(a) gach gné de Theideal II de Chuid II a bhaineann le trádáil seirbhísí a choimeád faoi bhreithniú;

(b) gach gné eile den Chomhaontú a bhaineann le trádáil seirbhísí, lena n-áirítear Airteagal 5 de Phrótacal III maidir le Comhar Cultúrtha a choimeád faoi bhreithniú go ginearálta;

(c) dul i mbun idirphlé agus faisnéis a mhalartú maidir le cúrsaí a bhaineann le trádáil seirbhísí faoin gChomhaontú, lena n-airítear na hábhair seo a leanas:

   (i) forbairt agus cur chun feidhme an chreata rialála lena rialaítear trádáil seirbhísí i gcríocha na bPáirtithe ar na leibhéil chomhphobail, náisiúnta agus fho-náisiúnta;

(ii) cúrsaí a bhaineann le trádáil seirbhísí faoin gComhaontú agus forbairtí ar an margadh sna hearnálacha éagsúla seirbhísí;

(iii) aon ábhar ar féidir tionchar a bheith aige ar chuspóirí na bhforálacha seirbhísí a bhaint amach;

(d) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchar fhorálacha seirbhísí an Chomhaontaithe ar gheilleagair na bPáirtithe;

(e) cúnamh a thabhairt do Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE maidir leis na feidhmeanna seo a leanas:

(i) maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme cuí fhorálacha an Chomhaontaithe a bhaineann le seirbhísí, agus a bheith freagrach as sin, meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus tosaíochtaí comhair i dtaca leis sin a phlé agus a mholadh;

(ii) beart a dhéanamh chun díospóidí a sheachaint agus chun teacht ar réiteach ar aon díospóid a bheadh ann maidir le léirmhíniú nó cur chun feidhme fhorálacha an Chomhaontaithe a bhaineann le seirbhísí, i gcomhréir le forálacha Chuid III de;

(iii) bearta a phlé agus a dhéanamh a d'fhéadfadh trádáil, infheistíocht agus deiseanna gnó idir an dá Pháirtí a éascú sna hearnálacha seirbhísí; agus

(f) moltaí a chur faoi bhráid Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE agus an Fhochoiste Theicniúil maidir leis an gComhar um Fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar fheidhmiú fhorálacha seirbhísí an Chomhaontaithe.

Airteagal 3

Beidh an Coiste Speisialta um Sheirbhísí comhdhéanta d'ionadaithe de chuid Pháirtí an Aontais Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus d'ionadaithe de chuid na Stát a bhfuil CARIFORUM sínithe acu, ar an taobh eile.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […]

Arna ndéanamh in/sa […] an […] 2020.

Thar ceann Stáit CARIFORUM *Thar ceann Pháirtí an Aontais Eorpaigh*